Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14190/17**

**CFSP/PESC 996**
**CSDP/PSDC 622**
**COPS 351**
**POLMIL 137**
**CIVCOM 218**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 13 Samhain 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13963/17 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil agus cosaint i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais<br>- Conclúidí ón gComhairle (13 Samhain 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil agus cosaint i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais, a ghlac an Chomhairle ag an 3574ú cruinniú a bhí aici ar an 13 Samhain 2017.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE SLÁNDÁIL AGUS COSAINT I gCOMHTHÉACS STRAITÉIS DHOMHANDA AN AONTAIS EORPAIGH

1. Cuireann an Chomhairle chun suntais go ndearnadh dul chun cinn mór i réimse na slándála agus na cosanta leis an obair leantach a d'eascair as Straitéis Dhomhanda an Aontais, obair ar tugadh fúithi agus treoir rialta na Comhairle Eorpaí á leanúint agus conclúidí na Comhairle Eorpa maidir leis na hábhair sin á meabhrú. Tá sí tiomanta i gcónaí Leibhéal Uaillmhéine an Aontais a chur chun feidhme mar fhreagairt do choinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha, acmhainní na gcomhpháirtithe a fhothú agus cosaint a thabhairt don Aontas agus dá chuid saoránach. Chun na críche sin, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí breis oibre d'fhonn Aontas a thógáil a bheidh níos éifeachtaí, níos comhordaithe agus níos comhleanúnaí i réimse na slándála agus na cosanta agus d'fhonn an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) a neartú.

   Sa timpeallacht ghuagach éiginnte slándála atá i réim faoi láthair, leanfaidh an tAontas Eorpach gona Bhallstáit dá ndícheall a dhéanamh, lena n-áirítear trí acmhainní leordhóthanacha breise a thiomnú, d'fhonn rannchuidiú go cinntitheach leis na hiarrachtaí comhchoiteanna atá á ndéanamh, agus níos mó freagrachta a ghlacadh as a slándáil féin agus imthosca náisiúnta agus gealltanais dhlíthiúla á gcur san áireamh. Ach aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar na riachtanais slándála atá ag an Eoraip faoi láthair agus ar na riachtanais slándála sin a bheidh aici amach anseo, cuirfear leis an gcumas atá san Aontas gníomhú mar sholáthróir slándála, neartófar neamhspleáchas straitéiseach an Aontais, agus is fearr a bheidh sé in ann oibriú i gcomhar lena chomhpháirtithe. Ar an gcaoi sin, treiseofar rannchuidiú na hEorpa le hord riailbhunaithe domhanda a mbeidh na Náisiúin Aontaithe ina chroílár. Ina theannta sin, áireofar comhar maith agus athneartú comhpháirteach idir an tAontas agus ECAT, agus prionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta agus neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais á n-urramú, agus cuirfear neart leis an gcaidreamh trasatlantach.

*Buanchomhar Struchtúrtha*

2. Is díol sásaimh don Chomhairle an fógra coiteann atá tugtha inniu ag na Ballstáit maidir leis an rún atá acu a bheith rannpháirteach sa Bhuanchomhar Struchtúrtha (PESCO), fógra ina bhfuil liosta de na ceanglais níos ceangailtí atá á ngabháil ar láimh acu i gcomhréir le forálacha na gConarthaí, i réimsí na hinfheistíochta cosanta, na forbartha cumais agus an rannchuidithe oibríochtúil, mar aon le tograí maidir le rialachas. Is céim stairiúil chun cinn é seo ar mhaithe le slándáil agus cosaint na hEorpa. Tá an fógra coiteann fós oscailte do Bhallstáit eile ar mian leo a bheith páirteach ann.

   Ag féachaint do bhunú PESCO idir seo agus deireadh na bliana, rud a deir an Chomhairle Eorpach a dhéanfar, is fíor an méid seo a leanas maidir leis an gComhairle:

   – Tá sí ag súil le cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 46(2) CAE a ghlacadh faoi dheireadh na bliana.

   – Is díol sásaimh di go bhfuil rún ag na Ballstáit sin a bhfuil cinneadh déanta acu a bheith rannpháirteach in PESCO pleananna náisiúnta cur chun feidhme a thíolacadh idir seo agus an t-am a nglacfar an cinneadh sin ón gComhairle, pleananna ina leagfar amach an cumas atá iontu na gealltanais atá tugtha acu a chur chun feidhme, agus a bheidh ina bhonn, freisin, do mheasúnú bliantúil.

   – Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh na Ballstáit sin a bhfuil rún acu a bheith rannpháirteach in PESCO, go ndéanfaidís tionscadail chomhoibritheacha PESCO a shainaithint ar dtús, a chomhaontófar nuair a bhunófar PESCO go foirmiúil, i réimse na forbartha cumais agus sa ghné oibríochtúil, agus a mbeidh sé d'aidhm acu an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus a n-éifeachtacht fhoriomlán a fheabhsú, mar thaca le Leibhéal Uaillmhéine an Aontais gona thrí thosaíocht straitéiseacha. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do na tograí a rinneadh go dtí seo, ag féachaint do liosta dírithe de thionscadail PESCO a chruthú. Is díol sásaimh don Chomhairle sa chomhthéacs sin an tacaíocht a thug an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) agus SEGS (lena n-áirítear Foireann Mhíleata an Aontais) chun cur chuige comhtháite agus modheolaíocht mheasúnaithe a fhorbairt i bhfianaise nós imeachta roghnúcháin na dtionscadal a bheidh ann amach anseo.

– Tugann sí dá haire, ar aon dul leis an bhfógra coiteann, go bhféadfaí cuireadh a thabhairt ar bhonn eisceachtúil do thríú stáit, i gcomhréir leis na socruithe ginearálta a chinnfidh an Chomhairle in am trátha i gcomhréir le Airteagal 46(6) CAE. Chaithfeadh na tríú stáit sin breisluach suntasach a chur ar fáil do thionscadal PESCO, rannchuidiú le neartú PESCO agus CBSC a neartú agus gealltanais ní ba dhúshlánaí a chomhlíonadh. Ní dheonófar cumhachtaí cinnteoireachta leis sin do na tríú stáit siúd maidir le rialachas PESCO. Ina theannta sin, cinnteoidh an Chomhairle i bhformáid PESCO cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann gach aon tríú stát, dár thug rannpháirtithe an tionscadail faoi seach cuireadh, na coinníollacha atá leagtha amach sna socruithe ginearálta.

– Tá sí ag tnúth le cur chun feidhme éifeachtach dea-chomhordaithe PESCO, agus an leas is fearr á bhaint as gach struchtúr atá ann cheana.

***An Ciste Eorpach Cosanta***

3. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Cosanta, go háirithe seoladh an réamhbhirt maidir le taighde cosanta agus an scrúdú gasta a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir leis an gclár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta. Agus aird á tabhairt ar na gnéithe ábhartha ar fad a luaitear i gconclúidí mhí Dheireadh Fómhair 2017 ón gComhairle Eorpach, tá an Chomhairle ag súil go dtiocfar ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta roimh dheireadh na bliana 2017. Réiteofar an bealach leis sin chun teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa a luaithe is féidir sa bhliain 2018 agus clár oibre a shainiú go pras d'fhonn a bheith in ann tacú leis na chéad tionscadail faoin mbliain 2019. Iarrann an Chomhairle go mbainfí leas iomlán as acmhainneacht GEC a mhéid a bhaineann leis an tacaíocht a d'fhéadfadh GEC a thabhairt do na Ballstáit i ndáil leis an gCiste Eorpach Cosanta. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tús a chur le plé ar raon uirlisí airgeadais an Chiste Eorpaigh Cosanta agus tá sí ag súil le tograí a fháil le haghaidh cláir thiomnaithe a dhéanfar i ndiaidh na bliana 2020 i ndáil le colúin taighde agus cumais an Chiste Eorpaigh Cosanta faoi shamhradh 2018.

*An t-athbhreithniú bliantúil comhordaithe ar chosaint*

4. Ag meabhrú di, go háirithe, na conclúidí a d'eisigh sí ar an 18 Bealtaine 2017, is díol sásaimh don Chomhairle gur seoladh iarracht thrialach an athbhreithnithe bhliantúil chomhordaithe ar chosaint (CARD) agus molann sí do na Ballstáit go léir a bheith rannpháirteach ann a mhéid is féidir. Léiríonn sí go gcuideoidh CARD leis an bplean forbraíochta um chumas a oibríochtú agus réimsí nua a aimsiú chun tionscadail chomhoibritheacha a sheoladh iontu, a bhféadfaí breathnú orthu in PESCO agus/nó faoi chuimsiú an Chiste Eorpaigh Cosanta. I gcás na mBallstát sin atá rannpháirteach in PESCO, ba cheart dóibh úsáid a bhaint, a mhéid is féidir, as an bhfaisnéis a sholáthraítear faoi chleachtadh CARD agus iad i mbun an mheasúnaithe bhliantúil ar dhul chun cinn i dtreo gealltanais PESCO a chomhlíonadh. Tá an Chomhairle ag súil leis an tuarascáil ar iarracht thrialach CARD, lena réiteofar an bealach le haghaidh treoir pholaitiúil bhreise maidir le comhchuibheas thírdhreach an chumais Eorpaigh, sula gcuirfear CARD chun feidhme go hiomlán den chéad uair sa bhliain 2019. Athdhearbhaíonn sí gur gá comhleanúnachas a áirithiú idir CARD, mar aon leis an bplean forbraíochta um chumas, agus na próisis éagsúla de chuid ECAT faoi seach, amhail próiseas pleanála um chosaint ECAT, i gcás ina mbíonn ceanglais fhorluiteacha ann, agus, san am céanna, cineál éagsúil an dá eagraíocht á aithint, chomh maith leis na freagrachtaí a bhíonn orthu faoi seach.

*Comhleanúnachas idir tionscnaimh chosanta an Aontais*

5. Cuireann an Chomhairle i bhfáth go dtiocfaidh mórathrú ar an gcomhar cosanta idir na Ballstáit a bhuí do PESCO, do CARD agus don Chiste Eorpach Cosanta i dteannta a chéile, agus go ndéanfar an comhar cosanta Eorpach a mhéadú i gcomhréir le conclúidí mhí na Samhna 2016 ón gComhairle. Leis na trí thionscnamh seo, ar tionscnaimh ar leith iad ach a threisíonn a chéile, rannchuideofar le feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar mhéid an tsaothair i réimse na slándála agus na cosanta Eorpaí, trí fhórsaí armtha na mBallstát a thabhairt níos cóngaraí dá chéile agus trí bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a neartú, trí bhíthin comhar agus comhordú feabhsaithe. Aithníonn an Chomhairle, ar a bharr sin, a thábhachtaí atá cinnteacht an tsoláthair, bunaithe ar ghealltanais pholaitiúla na mBallstát. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí/Leas-Uachtarán/Ceann na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint, i gcás inarb iomchuí, tuilleadh sineirgí agus comhordaithe idir na próisis éagsúla a chur chun cinn, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

*Catalóg riachtanas 2017*

6. Tá catalóg riachtanas na bliana 2017 á fhormhuiniú inniu freisin ag an gComhairle, catalóg ina sainaithnítear na riachtanais cumais mhíleata do CBSC a eascraíonn as leibhéal uaillmhéine an Aontais mar a chomhaontaigh an Chomhairle i mí na Samhna 2016 é, agus na trí thosaíocht straitéiseacha a thagann as Straitéis Dhomhanda an Aontais á gcur san áireamh. Bunaithe ar chatalóg riachtanas na bliana 2017, ar leithne anois í agus ina gcuirtear san áireamh bagairtí nua amhail bagairtí hibrideacha, leanfar den obair ar na moltaí atá inti a chur chun feidhme, chun na heasnaimh i gcumas míleata an Aontais a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta, rud a rannchuideoidh leis an bplean forbraíochta um chumas ag féachaint le tosaíochtaí a shainaithint i réimse fhorbairt cumais an Aontais.

*Cathghrúpaí an Aontais*

7. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá i gcónaí neart a chur le hullmhúchán leanúnach chathghrúpaí an Aontais, leis na módúlachtaí a bhaineann leo agus leis an maoiniú éifeachtach a dhéantar orthu, chun an chinnteoireacht pholaitiúil maidir lena n-imscaradh a éascú, i gcomhréir le conclúidí an 18 Bealtaine 2017 uaithi.

*Foinse aonair fórsaí*

8. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil 'foinse aonair fórsaí' ag na Ballstáit is féidir leo a úsáid i gcreataí éagsúla, agus dá réir sin, má dhéantar cumais na mBallstát a fhorbairt trí CBSC agus trí ionstraimí an Aontais a úsáid, rannchuideofar freisin le neartú na gcumas sin a d'fhéadfadh a bheith ar fáil amach anseo do na Náisiúin Aontaithe agus ECAT.

***Feabhas a chur ar an tSoghluaisteacht Mhíleata***

9. Agus an timpeallacht slándála mar atá, tá méadú suntasach tagtha ar an ngá atá le soghluaisteacht mhíleata a éascú agus a bhrostú ar mhaithe le gluaiseacht éifeachtach sciobtha shábháilte na bhfórsaí míleata agus na sócmhainní ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin. I ndáil leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle tíolacadh tráthúil seo na teachtaireachta comhpháirtí ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún ina léirítear na línte gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh an tAontas Eorpach a leanúint chun an tsoghluaisteacht mhíleata a éascú agus a bhrostú ar fud a chríche, lena n-áirítear tríd an leas is fearr a bhaint as sineirgí sibhialta/míleata idir ionstraimí an Aontais. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh di an obair a rinneadh faoi chuimsiú GEC, lena n-áirítear an mheitheal *ad hoc*, i ndlúthchomhar le SEGS, agus le seirbhísí an Choimisiúin, féachaint le treochlár mionsonraithe a thíolacadh ina moltar cúraimí agus freagrachtaí, lena n-áirítear amlínte uaillmhianacha. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún togra a thíolacadh maidir le plean gníomhaíochta i ndáil leis an tsoghluaisteacht mhíleata chun cur leis an méid sin faoi mhí an Mhárta 2018. Ba cheart breathnú go cuimsitheach, sa phlean gníomhaíochta, ar na saincheisteanna a bhaineann le bonneagar, le nósanna imeachta agus le rialáil, i bhfianaise na riachtanas míleata a shainíonn na Ballstáit, chun soghluaisteacht pearsanra agus sócmhainní a éascú ar fud an Aontais. I bhfianaise an mhéid sin, aithníonn an Chomhairle, freisin, a thiomanta atá na Ballstáit atá rannpháirteach in PESCO iompar míleata trasteorann a shimpliú agus a chaighdeánú. Ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát a bheith páirteach sna hiarrachtaí sin, i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha eile, agus ba cheart na hiarrachtaí a bheith ag teacht le tionscnaimh ar leith de chuid ECAT sa réimse seo. Aithníonn an Chomhairle an fhreagracht atá ar na Ballstáit i ndáil le cinntí ceannasacha náisiúnta faoi ghluaiseachtaí míleata agus fillfidh sí ar an tsaincheist sin ar bhonn rialta.

***CBSC sibhialtach a neartú***

*Tosaíochtaí i dtaca le bainistiú géarchéime sibhialtaí*

10. Leagann an Chomhairle béim ar an rannchuidiú bunriachtanach a thugann CBSC sibhialtach do na trí thosaíocht straitéiseacha a eascraíonn as Straitéis Dhomhanda an Aontais, eadhon freagairt do choinbhleachtaí agus do ghéarchéimeanna seachtracha, acmhainní na gcomhpháirtithe a fhothú, agus cosaint a thabhairt don Aontas gona shaoránaigh. Cuireann an Chomhairle in iúl an athuair gurb iad neartú na seirbhíse póilíneachta, an smacht reachta, agus an córas riaracháin shibhialta is feidhm lárnach i gcónaí do CBSC sibhialtach, agus is díol béime di an tábhacht a bhaineann le hathchóiriú na hearnála slándála (SSR), le cúraimí faireacháin, agus go mbeadh an deis ann misin a imscaradh a mbeidh sainorduithe feidhmiúcháin acu. Is uirlis thábhachtach é CBSC sibhialtach, ar cuid é de fhreagairt sheachtrach níos leithne an Aontais, lena dtéitear i ngleic le dúshláin slándála, lena n-áirítear na dúshláin a bhaineann leis an imirce neamhrialta, le bagairtí hibrideacha, leis an gcibearshlándáil, leis an sceimhlitheoireacht agus le radacú, leis an gcoireacht eagraithe, le bainistiú teorainneacha agus leis an tslándáil mhuirí. I dtaca le conclúidí mhí na Samhna 2016 uaithi, agus le conclúidí Mhárta agus Bhealtaine na bliana 2017, cuireann an Chomhairle in iúl go bhfuil rún daingean aici leanúint a thuilleadh d'fhorbairt agus de threisiú a dhéanamh ar an ról tábhachtach is féidir le CBSC sibhialtach a imirt i dteannta uirlisí eile de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin slándála arb ann dóibh le fada orthu siúd, freisin, nár tháinig ann dóibh ach le gairid.

11. Thairis sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá cur chuige comhtháite an Aontais maidir le coinbhleachtaí agus le géarchéimeanna, agus a thábhachtaí atá an dlúthchomhar idir gníomhaithe CBSC agus gníomhaithe FSJ má táthar leis an gceangal a neartú idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach, chomh maith le sineirgí sibhialta/míleata, amhail an comhar ar an láthair agus fothú acmhainní na gcomhpháirtithe. Maidir leis an gcomhar idir gníomhaireachtaí CBSC agus gníomhaireachtaí FSJ, leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé go mbogfaí ar aghaidh gan mhoill fad a bhaineann le malartuithe faisnéise ábhartha agus go bhfeabhsófaí an comhar ar an leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil.

12. Ós amhlaidh atá, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí páipéar coincheapa réamhbhreathnaitheach a thíolacadh go luath in 2018 ar a dhéanaí. Sa pháipéar sin, is ceart measúnú a dhéanamh ar an méid seo: cé mar is ceart do CBSC rannchuidiú a thuilleadh ar bhealach nithiúil le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua agus seanbhunaithe; cá háit go díreach a bhfuil breisluach ag CBSC laistigh de Chur Chuige Comhtháite Coinbhleachtaí agus Géarchéim Sheachtrach an Aontais; agus cá háit ó thús deireadh an timthrialla coinbhleachta, lena n-áirítear cosc, luathrabhadh, bainistiú géarchéime, cobhsú agus cothú na síochána, *inter alia* tríd an teacht aniar a chothú, an fothú a fhorbairt, agus trí thacaíocht a thabhairt don tslándáil agus don chobhsaíocht. Is ceart gur i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le seirbhísí an Choimisiúin, le misin CBSC shibhialtaigh, le gníomhaithe FSJ, agus le geallsealbhóirí ábhartha eile a dhéanfaí an obair sin.

13. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí Plean Forbartha maidir le Cumas Sibhialtacha a thíolacadh ar an mbonn sin faoi earrach na bliana 2018 i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le seirbhísí an Choimisiúin agus le gníomhaithe FSJ (lena n-áirítear gníomhaireachtaí), agus pé faisnéis ábhartha a gheofar uatha a chur san áireamh. Beidh an méid sin ina bhunchloch agus cumais shibhialtacha á bhforbairt.

14. Agus an obair sin, maille leis an treoir bhreise a fuarthas ó na Ballstáit, lena n-áirítear gealltanas polaitiúil go bhfuil siad meáite ar an bpróiseas, mar bhunchloch ag an Aontas, is ceart go mbeadh comhaontú i gcrích maidir le Comhshocrú Sibhialtach CBSC in 2018, d'fhonn an leibhéal uaillmhéine a eascraíonn as straitéis dhomhanda an Aontais a bhaint amach. Ba mhór an cuidiú don phróiseas seo plé ardleibhéil a chur ar siúl, dá mb'iomchuí. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh, faoi chuimsiú an tuairiscithe a dhéanfaidh sí ar an bplean cur chun feidhme maidir le Straitéis Dhomhanda an Aontais.

*Freagrúlacht na misean sibhialtach*

15. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé an tAontas a bheith níos freagrúla, níos solúbtha agus níos gasta ina chuid freagairtí. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle na tograí nithiúla maidir le cur chuige ilsrathach a chur chun feidhme i dtaca le CBSC sibhialtach, agus sin a bheith ina bhreis ar na struchtúir arb ann dóibh cheana. Go háirithe, is mian leis an gComhairle a formheas a thabhairt maidir le croí-acmhainn freagrúlachta a chruthú, ina mbeidh Ardán Tacaíochta Misean (treisithe) mar aon le hacmhainní atá *in situ* sna misin sin arb ann dóibh cheana. Féadfar an chroí-acmhainn freagrúlachta sin a chomhlánú le sócmhainní (a bheidh in-imscartha go pras) agus le gnéithe pleanála de chuid na mBallstát, lena n-áirítear, i gcás ina gcomhaontaítear sin, foirne speisialaithe agus foirmíochtaí ilnáisiúnta amhail an Fórsa Gendarmerie Eorpach. Is féidir na sraitheanna sin a chur i ngníomh go comhuaineach agus a imscaradh mar is gá agus mar is iomchuí. Cuirfear an cur chuige ilsrathach chun feidhme ar bhealach cuimsitheach. Beidh ar na Ballstáit, i ndlúthchomhar le SEGS agus leis an gCoimisiún, tuilleadh treorach a chur ar fáil maidir leis an gcur chun feidhme, d'fhonn freagrúlachta uaillmhianach a bhaint amach. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí an chroí-acmhainn freagrúlachta a bhunú, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, agus í a bheith lánoibríoch faoi Bhealtaine 2018. Is ceart athbhreithniú a bheith déanta ar an gcur chuige ilsrathach faoi earrach na bliana 2019.

***Feasacht ar dhálaí***

16. I dtaca leis na conclúidí uaithi i mí na Samhna 2016 agus i mí na Bealtaine 2017, is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atáthar a dhéanamh i gcaitheamh an ama chun feasacht shibhialta-mhíleata fhaisnéis-bhunaithe a chur chun cinn maidir le dálaí san Aontas Eorpach, go háirithe trí ailíniú forásach a dhéanamh leis an Lárionad Satailíte an Aontais Eorpaigh (SATCEN) ar na struchtúir éagsúla SEGS agus ar na nósanna imeachta reatha. Iarrann sí go gcuirfí feabhas ar rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát, rud a bhéarfadh go mbeadh breis den tacaíocht faisnéise ar fáil don Aontas Eorpach, agus iarrann sí go gcuirfeadh na Ballstáit saineolaithe agus saineolas ar fáil don Aontas agus don Chill um Chumasc Hibrideach. Pléifear an tsaincheist seo arís amach anseo i bhfianaise a mbeidh d'ascnamh déanta ina leith.

*Misin agus oibríochtaí míleata CBSC a mhaoiniú*

17. Molann an Chomhairle go gcuirfí feabhas a chur ar fhorálacha agus ar shocruithe maoiniúcháin i ndáil leis na comhchostais a bhaineann le hoibríochtaí míleata agus misin an Aontais. I ndáil leis sin, tá sí ag súil go mbeidh comhaontú ann faoi dheireadh 2017 maidir leis an athbhreithniú cuimsitheach ar shásra Athena chun na costais choiteanna a bhaineann le hoibríochtaí an Aontais, a mbíonn impleachtaí míleata nó cosanta leo, a mhaoiniú.

*An chibearchosaint*

18. Aithníonn an Chomhairle gur cheart na sineirgí idir an chibearchosaint agus an chibearshlándáil a neartú a mhéid is féidir, lena n-áirítear mar fhreagairt do chibeartheagmhais, bunaithe ar chur chun feidhme agus ar nuashonrú Chreat Beartais Cibearchosanta an Aontais 2014, agus gur cheart leas a bhaint as cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Eorpaigh um Chosaint agus as cur chun feidhme an Phacáiste Cibearshlándála, a cuireadh i láthair i mí Mheán Fómhair 2017. Is díol sásaimh di go háirithe na gníomhaíochtaí a bhain le EU CYBRID 2017 agus EU PACE 2017, agus molann sí go mbeadh an chiall a ceannaíodh lena linn sin ina bunchloch lena ndéanfar feasta. I dtaca le cúrsaí taighde agus forbartha, molann an Chomhairle do na Ballstáit béim faoi leith a chur ar na cibeartheicneolaíochtaí, ar an gcibear-athléimneacht, agus ar scilbhearnaí, agus cosaint níos fearr a thabhairt do mhisin agus d'oibríochtaí CBSC an Aontais. Leagann an Chomhairle béim go háirithe ar a riachtanaí atá sé go mbunódh an Coimisiún gan mhoill ardán don chibearoiliúint agus don chibearoideachas. Thairis sin, leagann sí béim ar an méid seo: go bhféadfaí lántairbhe a bhaint as na tionscnaimh cosanta atá á mbeartú ionas go gcuirfí dlús le forbairt cumais leordhóthanacha cibearshlándála san Eoraip, agus aithníonn sí na deiseanna atá ann go bhféadfaí tionscadal cibearchosanta a fhorbairt trí PESCO, i gcás ina gcinnfeadh na Ballstáit a bheidh páirteach in PESCO gur gá sin.

*Fothú acmhainní de thaca leis an tslándáil agus forbairt*

19. Is díol sásaimh don Chomhairle na céimeanna dearfacha a glacadh i dtreo rialachán leasaithe maidir leis an ionstraim a chuidíonn le cobhsaíocht agus le síocháin (IcCS), rud a réitíonn an ród d'fhothú acmhainní de thaca leis an tslándáil agus forbairt i dtíortha comhpháirtíochta agus is fada léi go gcuirfear chun feidhme é. Meabhraíonn sí na conclúidí a ghlac sí ar an 18 Bealtaine, ar an 6 Márta 2017, agus ar an 14 Samhain 2016, maidir leis an ngá go gcumhdófaí gach ceanglas agus go dtacófaí leis na tíortha comhpháirtíochta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú iad féin, lena n-áirítear i gcomhthéacs mhisin CBSC. Athdhearbhaíonn sí an raon geografach solúbtha atá ag an tslándáil agus an fhorbairt (CBSD), agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar SEGS go ndéanfaí tionscadail nua a shainaithint agus a fhorbairt. Meabhraíonn an Chomhairle arís an moladh a rinne sí go rachfaí i mbun oibre ar ionstraim dhílis lena bhféadfaí fothú acmhainní a sholáthar agus aird á tabhairt ar an obair ullmhúcháin is gá.